



---

*An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh*

---

**2020/0106(COD)**

2.9.2020

## TUAIRIM

ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

chuíg an gCoiste um Buiséid agus chuíg an gCoiste um Ghnóthaí  
Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón  
gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 i dtaca le hIonstraim um  
Thacaíocht Sócmhainneachta a chruthú  
(COM(2020)0404 – C9-0156/2020 – 2020/0106(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Robert Hajšel

(\*) Coiste comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA\_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um Buiséid agus ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

### Leasú 1 Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) De réir mheastúcháin an Choimisiúin a fuarthas ó shonraí ar leibhéal cuideachta meastar go bhféadfadh na costais deisithe cothromais a eascróidh as paidéim COVID-19 a bheith thart ar EUR 720 billiún in 2020. D'fhéadfadh an méid sin a bheith níos airde i gcás ina leanfadh bearta dianghlasála d'fheidhm a bheith acu níos faide ná mar a thiomhdítear faoi láthair, nó i gcás ina mbeadh bearta dianghlasála le forchur arís de dheasca athbheochan éillithe. Mura dtugtar aghaidh ar na heasnaimh chaipitil sin is é a d'fhéadfadh teacht astu tréimhse fhada d'infheistíocht níos ísle **agus** d'fhostaíocht níos airde. Ní bheidh tionchar an easnaimh caipitil mar an gcéanna ar fud na n-earnálacha agus na mBallstát agus is é rud a thiocfadh as sin neamhréireachtaí sa mhargadh **aoonair**. Is measa fós an neamhréireacht sin toisc go bhfuil difríocht mhór an acmhainneacht stáitchabhair a chur ar fáil ó Bhallstát go Ballstát.

*Leasú*

(1) De réir mheastacháin an Choimisiúin a fuarthas ó shonraí ar leibhéal cuideachta meastar go bhféadfadh na costais deisithe cothromais a eascróidh as paidéim COVID-19 a bheith thart ar EUR 720 billiún in 2020. D'fhéadfadh an méid sin a bheith níos airde i gcás ina leanfadh bearta dianghlasála d'fheidhm a bheith acu níos faide ná mar a thiomhdítear faoi láthair, nó i gcás ina mbeadh bearta dianghlasála le forchur arís de dheasca athbheochan éillithe. Mura dtugtar aghaidh ar na heasnaimh chaipitil sin is é a d'fhéadfadh teacht astu tréimhse fhada d'infheistíocht níos ísle, d'fhostaíocht níos airde **agus tionchar suntasach ar iomaíochas AE. Dhéanfaidh sé sin dochar ar leith d'acmhainneacht thionsclaíoch an Aontais, agus bheadh éifeachtaí diúltacha aige sin ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) i gcroílár thionscal na hEorpa, agus laghdófaí infheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht a mbeadh aischéimniú teicneolaíochta agus cailliúint buntáiste teicneolaíochta mar thoradh orthu san iomaíocht dhomhanda. Ina theannta sin, tá ionadaíocht os cionn an mheáin ag FBManna, lena n-áirítear micrifhiontair, sna hearnálacha atá thíos go mór leis an ngéarchéim, rud a d'fhéadfadh laghdú suntasach a dhéanamh ar a gcumas chun an claochlú glas agus digiteach a dhéanamh. Ní bheidh tionchar an easnaimh caipitil mar an gcéanna ar fud na**

n-earnálacha agus na mBallstát agus as sin thiocfadh neamhréireachtaí **agus neamhionannais i measc réigiún** sa mhargadh **inmheánach**. Is measa fós an neamhréireacht sin toisc go bhfuil difríocht mhór an acmhainneacht státchabhair a chur ar fáil ó Bhallstát go Ballstát. **Leis an athdháileadh acmhainní faoin Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta (SSI), ba cheart léiriú cothrom a thabhairt ar na saincheisteanna sin, agus tacaíocht airgeadais leormhaith á soláthar agus tionchar diúltach socheacnamaíoch ar thionscail agus ar oibríthe á sheachaint, chomh maith le haon tionchar diúltach ar an margadh inmheánach.**

**Leasú 2**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(1a) Bhí tionchar suntasach, tobann agus gan choinne ag paindéim Covid-19 ar gheilleagar AE a chuir bac mór ar chumas AE dul chun cinn a dhéanamh ar thosaíochtaí beartais, go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip agus cuspóirí gaolmhara amhail spriocanna aeráide, forbairt bonneagair fuinnimh, straitéis hidrigine, etc., an Straitéis maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú, Straitéis FBM don Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach, an Straitéis Thionsclaíoch nua don Eoraip ghlais agus dhigiteach, agus uathriail straitéiseach oscailte a sholáthar do gheilleagar AE iomaíoch, dinimiciúil agus inbhuanaithe. Is é is aidhm don Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta ná go mbeadh sí ina huirlis thábhachtach chun a úirithiú gur féidir dul chun cinn i dtreo na gcuspoirí beartais seo a choinneáil nó a luathú.**

**Leasú 3**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(1b) D'fhéadfadh éifeachtaí suaiteacha eacnamaíocha agus sóisialta ghéarchéim COVID-19 ar an margadh inmheánach, ar acmhainneacht infheistíochta príobháidí agus ar fhostaíocht an tAontas ar an iomlán agus an iarracht náisiúnta i dtreo spriocanna 2030 maidir le fuinneamh, aeráid agus comhshaol agus neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí a chur i mbaol. Ba cheart go gcabhródh an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta cosc leis an riosca sin a bheith ann le dul chun cinn leanúnach a áirithiú i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach.**

**Leasú 4**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 1 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(1c) Ba cheart gurbh é príomhaidhm na hIonstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta an oiread post agus is féidir san Aontas a chaomhnú trí thacaíocht faoi threoir beartais a sholáthar do chuideachtaí ar fud na mBallstát go léir atá inmharthana ar shlí eile san fhadtéarma, agus a chumasú dóibh filleadh ar a lánéifeacht, a dtáirgiúlacht agus nuálaíocht a neartú agus fostaíocht a spreagadh ar fud an Aontais. Níor cheart aon tacaíocht a sholáthar faoin Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta do ghníomhaíochtaí atá ar neamhréir le beartais an Aontais.**

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) I gcomhréir leis an Rialachán [Ionstraim um Théarnamh an Aontais Eorpaigh] (ERI) agus laistigh de teorainneacha na n-acmhainní a leithdháiltear ann, ba cheart bearta éifeachtúla téarnaimh agus athléimneachta faoin ionú um thacaíocht sócmhainneacht an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Ba cheart na hacmhainní breise sin a úsáid ar bhealach ina n-áiritheofaí go gcomhlíonfaí na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán [EUR].

**Leasú 6**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(2) I gcomhréir leis an Rialachán [Ionstraim um Théarnamh an Aontais Eorpaigh] (ERI) agus laistigh de teorainneacha na n-acmhainní a leithdháiltear ann, ba cheart bearta éifeachtúla téarnaimh agus athléimneachta faoi ionú an Chiste Eorpaigh um thacaíocht sócmhainneachta le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar thionchar *eacnamaíoch* ghéarchéim COVID-19 nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ***ar chuideachtaí. Ba cheart béim ar leith a leagan ar phoist agus slíte beatha a chaomhnú trí thacú le FBManna, mar go soláthraíonn siad dhá phost as gach trí cinn san Aontas, chomh maith le tionscail agus le daoine lena áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.*** Ba cheart na hacmhainní breise sin a úsáid ar bhealach ina n-áiritheofaí go gcomhlíonfaí na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán [EUR], ***agus deiseanna fostaíochta á gcothabháil agus á leathnú ag an am céanna chun an t-eisiamh sóisialta a sheachaint agus, ag an am céanna, tacú le dul chun cinn teicneolaíoch agus deiseanna margaidh do chuideachtaí á gcruthú, agus ar an gcaoi sin poist a chruthú agus fostaíocht a chosc.***

*Leasú*

***(2a) D'éirigh go han-mhaith le CEIS infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí ar fíú níos mó ná EUR 500 billiún iad a shlógadh ó mhí an Mheithimh 2020, agus lenar thairbhígh thart ar 1.4 milliún FBM***

*díobh. Tá rannpháirtíocht na hearnála príobháidí chun infheistíocht a shlógadh tar éis phaindéim Covid-19 thar a bheith tábhachtach chun cur i gcoinne thionchar diúltach na paindéime ar gheilleagar AE, agus, dá bhrí sin, ba cheart sluachistiú in infheistíocht phríobháideach a bheith ina phríomhsprioc den Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta.*

**Leasú 7**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3) D'fhonn iarmhairtí eacnamaíocha tromchúiseacha phaindéim COVID-19 san Aontas a chomhrac, maidir le cuideachtaí a mbíonn deacrachtaí de dheasca na géarchéime eacnamaíche a d'eascair as an bpaindéim agus nach bhféadann tacaíocht leordhóthanach a fháil trí mhaoiniú margaidh, ná trí bhearta a dhéanann na Ballstáit, ba cheart saoráid tacaíochta sócmhainneachta a sholáthar dóibh ar bhonn práinne faoi Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta ar cheart í a chur ar fáil mar thriú ionú faoi CEIS.

**Leasú 8**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**3a. Tá an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta ceaptha chun tionchar eacnamaíoch phaindéim Covid-19 a shárú. Is ionstraim í chun cabhrú le cuideachtaí inmharthana a chosc ó**

*Leasú*

(3) D'fhonn iarmhairtí eacnamaíocha, **sóisialta** agus tromchúiseacha phaindéim COVID-19 san Aontas a chomhrac maidir le cuideachtaí, **go háirithe FBManna agus go háirithe micri-eintitis ghnó nuálacha agus eintitis atá á rith ar bhonn teaghlaigh agus bunaithe ar theicneolaíocht**, a mbíonn deacrachtaí acu de dheasca na géarchéime eacnamaíche **agus sóisialta** a d'eascair as an bpaindéim agus nach bhféadann tacaíocht leordhóthanach a fháil trí mhaoiniú margaidh, ná trí bhearta a dhéanann na Ballstáit, ba cheart saoráid tacaíochta sócmhainneachta a sholáthar dóibh ar bhonn práinne faoi Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta ar cheart í a chur ar fáil mar thriú ionú faoi CEIS.

*Leasú*

*fhéimheacht agus mar sin ionstraim chun saoránaigh AE a chosc ó dhífhostaíocht. Níl an ionstraim deartha chun geilleagair na mBallstát a stiúradh i dtreo áirithe. Is chun rátaí dífhostaíochta níos airde a chosc a dhéanfar aon ghníomhaíocht a ghlacfar i bhfianaise na hionstraime um Thacaíocht Sócmhainneachta.*

**Leasú 9**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) Ba cheart cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht faoin Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta a bheith bunaithe agus ag oibriú san Aontas, is é sin le rá nach mór a n-oifig chláraithe a bheith i mBallstát acu agus nach mór iad a bheith gníomhach san Aontas agus gníomhaíochtaí **substainteacha** ar bun acu i dtéarmaí foirne, monaraíochta, taighde agus forbartha, agus gníomhaíochtaí gnó eile san Aontas. Ba cheart dóibh freisin gníomhaíochtaí a shaothrú a thacaíonn le cuspóirí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh samhail ghnó inmharthana acu agus nach mbeadh deacracht acu i dtéarmaí an chreata stáitchabhrach cheana féin<sup>7</sup> ag deireadh 2019. Ba cheart **tacaíocht a dhíriú ar** cuideachtaí incháilithe atá ag feidhmiú sna Ballstáit sin agus sna hearnálacha is mó atá buailte ag géarchéim COVID-19 agus/nó i gcás ina bhfuil infhaighteacht tacaíochta sócmhainneachta Stáit níos teoranta.

*Leasú*

(4) Cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht faoin Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta, **ar dócha a mbeadh a bhformhór ina FBManna**, ba bheart iad a bheith bunaithe agus ag feidhmiú san Aontas; is é sin le rá nach mór a n-oifig chláraithe **agus a n-áit chónaithe chánacha** bheith i mBallstát acu agus nach mór iad a bheith gníomhach san Aontas sa chaoi go bhfuil siad **gníomhach den chuid i mó** i dtéarmaí foirne, monaraíochta, taighde agus forbartha, **agus nach bhfuil siad á rialú ag tríú tír. Níor cheart iad a bheith mar chuid de ghrúpa a bhfuil fochuideachtaí acu gan fíorghníomhaíocht eacnamaíoch i dtír atá ar liosta AE do dhlínsí neamh-chomhoibríochta<sup>6a</sup>**. Ba cheart dóibh freisin gníomhaíochtaí a shaothrú a thacaíonn le cuspóirí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh samhail ghnó inmharthana acu, **lena n-áirítear maoin intleachtúil nó cumais láidre teicneolaíochta T & F**, agus gan deacracht a bheith acu maidir leis an gcreat stáitchabhrach<sup>7</sup> cheana féin ag deireadh 2019 **ná níor cheart go raibh baint ná páirt a bheith acu i sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, seachaint cánach, calaois chánach ná imghabháil cánach. I gcás micrifhiontar nó fiontair bheaga, d'fhéadfadh deacracht a bheith acu cheana féin an 31 Nollaig 2019 i**



*dtéarmaí an chreata státchabhrach ar  
choinníoll nach bhfuil siad faoi réir nós  
imeachta dócmhainneachta  
comhchoiteann faoin dlí náisiúnta, agus  
nach bhfuil cúnamh tarrthála nó cúnamh  
athstruchtúraithe faighte acu. Ba cheart  
tacaíocht do chuideachtaí incháilithe a  
bheith bunaithe ar an gcoinníoll go bhfuil  
siad ag feidhmiú sna Ballstáit sin agus sna  
hearnálacha is mó atá buailte ag géarchéim  
COVID-19, nó a bhfuil rátaí  
dífhostaíochta ag méadú go tapa, nó i  
gcás ina bhfuil infhaighteacht tacaíochta  
sócmhainneachta Stáit níos teoranta, agus  
cothromaíocht ar bhonn geografach á  
háirithiú ar fud an Aontais. Ba cheart do  
chuideachtaí gealltanais a thabhairt chun  
leanúint ar aghaidh ag oibriú agus go  
ndéanfaidh siad a bhfórsa oibre a  
chothabháil san Aontas, agus go  
dtabharfaidh siad isteach, i gcás inarb  
infheidhme, teorainneacha maidir le  
híocaíochtaí dibhinní, tuarastal  
feidhmeannach agus cláir maidir le  
haischeannach scaireanna, agus ba  
cheart dóibh freisin caighdeáin agus  
reachtaíocht shóisialta agus chomhshaoil  
an Aontais a chomhlíonadh. Ina theannta  
sin, chun folláine agus téarnamh  
eacnamaíoch ina gcriócha faoi seach a  
chur cur chun cinn agus chun tuilleadh  
míshocraíochta ar an margadh  
inmheánach a sheachaint, ba cheart do  
chuideachtaí a fhaigheann tacaíocht  
gealltanais a thabhairt chun leanúint ar  
aghaidh ag oibriú sa Bhallstát céanna  
agus nach mbeadh aon athshocrú go  
Ballstát eile ná tríú tír beartaithe acu ar a  
laghad le linn tréimhse na tacaíochta atá  
deonaithe.*

---

<sup>6a</sup> [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/?uri=CELEX:52020XG0227\(01\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/?uri=CELEX:52020XG0227(01))

---

<sup>7</sup> Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina

<sup>7</sup> Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina

ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

**Leasú 10**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(4a) Ba cheart go tabharfaí san áireamh den chuid is mó sna critéir do chiste na hIonstraime um Thacaíocht Sócmhainneachta an tionchar eacnamaíoch, seachas an géarchéim sláinte, atá ginte ag an bpaindéim sna Ballstáit agus sna hearnálacha éagsúla. Ba cheart go mbeadh sé sin léirithe i ndáileadh na n-acmhainní ar na Ballstáit lena mbaineann.**

**Leasú 11**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 4 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(4b) Is iad FBManna cnámh droma gheilleagar an Aontais agus beidh siad lárnach i dtéarnamh eacnamaíoch poist-threoraithe. Bhí tionchar thar a bheith mór ag géarchéim COVID-19 ar FBManna agus tuairiscíodh go raibh suas le 90% de FBManna AE buailte ar bhonn eacnamaíoch, go háirithe san earnáil seirbhísí, agus in earnálacha na déantúsaíochta, na tógála, na turasóireachta, agus sna hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha. Is cuid de bheartas straitéiseach téarnaimh an Aontais í an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta agus tá sí dírithe ar dhaoine a thabhairt ar ais ag obair chomh tapa agus is féidir, go háirithe trí**

*thacaíocht leormhaith a sholáthar do  
FBManna.*

**Leasú 12**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 4 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(4c) Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an tacaíocht a chuirtear ar fáil faoin Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta éifeachtúlacht agus iomaíochas mhargáí AE a chaomhnú. Ba cheart go seachnódh an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta a chur ar chumas cuideachtaí i suíomhanna níos láidre ar an margadh a gceannasacht ar a n-iomaitheoirí s mhargadh a chomhdhlúthú. Ba cheart don Bhord Stiúrtha a áirithiú, dá bhri sin, go seachnaíonn an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta rannchuidiú le comhdhlúthacht an mhargaidh.*

**Leasú 13**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(5) Ba cheart ráthaíocht AE a dheonaítear don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) a mhéadú EUR 66 436 320 000 chun an tríú ionú de CEIS – an t-ionú um thacaíocht sócmhainneachta — a chruthú faoinar cheart tacaíocht sócmhainneachta a chur ar fáil.

(5) Ba cheart ráthaíocht AE a dheonaítear don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) a mhéadú EUR 66 436 320 000 chun an tríú ionú de CEIS – an t-ionú um thacaíocht sócmhainneachta — a chruthú faoinar cheart tacaíocht sócmhainneachta a chur ar fáil. *Faoi ionstraim théarnaimh Next Generation EU, féadfaidh an tAontas maoiniú a thabhairt díreach do BEI chun cistí atá ar fáil a chruthú d'fhonn sprioc na hIonstraime um Thacaíocht Sócmhainneachta a bhaint amach laistigh den tréimhse ama is giorra, gan gá leis na hacmhainní sin a bhailiú ar an margadh*

*airgeadais.*

**Leasú 14**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(7) Le méid ráthaíocht AE a bheidh ar fáil faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta meastar go slógfar infheistíocht suas le EUR 300 000 000 000 san fhíorgheilleagar.

*Leasú*

(7) Le méid ráthaíocht AE a bheidh ar fáil faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta meastar go slógfar infheistíocht suas le EUR 300 000 000 000 san fhíorgheilleagar. ***Leis an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta, ba cheart go rannchuideofaí le hinfeistíochtaí san fhíorgheilleagar. Níor cheart go rannchuideodh an t-ionú um thacaíocht sócmhainneachta go sonrach le hathmhaoiniú na bhfiach atá ann cheana féin ar bhealach ar bith.***

**Leasú 15**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 8**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) Ba cheart modhanna seachadta na tacaíochta a bheith solúbtha i bhfianaise an ghá atá le réitigh éagsúla i mBallstáit éagsúla. Ba cheart go gcuimseofaí iontu, inter alia, maoiniú Ghrúpa BEI, nó ráthaíocht nó infheistíocht i gcistí atá ann cheana faoi bhainistiú neamhspleách nó i meáin shainchuspóra a infheistíonn, ina dhiaidh sin, i gcuideachtaí incháilithe. Anuas air sin, d'fhéadfaí an tacaíocht a sheoladh trí bhíthin cistí nuabhunaithe faoi bhainistiú neamhspleách, lena n-áirítear trí fhoirne chéaduaire nó meáin shainchuspóra a chuirfí ar bun ar an leibhéal Eorpach nó ar an leibhéal réigiúnach d'fhonn leas a bhaint as ráthaíocht AE chun infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí incháilithe. D'fhéadfaí ráthaíocht AE a úsáid freisin chun idirghabháil ag banc nó institiúid

*Leasú*

(8) ***Ba cheart do BEI agus don Choimisiún i gcomhar leis na Ballstáit gníomhaíochtaí cumarsáide tacaíochta a sholáthar do thairbhíthe na hIonstraime um Thacaíocht Sócmhainneachta a d'fhéadfaidh a bheith ann amhail cuideachtaí ábhartha, FBManna agus gníomhairí eile incháilithe, chun tacú le dáileadh agus ionsú forleathan an chistithe ón Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta. Ba cheart go gcuideodh rannpháirtíocht ghníomhach ón Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (MCEI) freisin leis an bpróiseas chun an fhaisnéis is gá a sholáthar.*** Ba cheart modhanna seachadta na tacaíochta a bheith solúbtha i bhfianaise an ghá atá le réitigh éagsúla i mBallstáit éagsúla. ***Ba cheart go gcuirfeadh***

náisiúnta le haghaidh spreagtha a mhaoiniú agus a ráthú i gcomhréir le rialacha stáitchabhrach in éineacht le hinfheisteoirí chun tacú le cuideachtaí incháilithe. Ba cheart saobhadh míchuí iomaíochta sa mhargadh inmheánach a sheachaint.

*modhanna seachadta costais as an áireamh nó ar a laghad tionchar na gcostas ar thairbhíthe ionchasacha na hIonstraime um Thacaíocht Sócmhainneachta a íoslaghdú, go háirithe do mhicri-eintitis agus d'eintitis bheaga ghnó agus do FBManna i gcoitinne, a dhéanfadh iad a dhíspreagadh nó a chosc ón Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta a úsáid.* Ba cheart go gcuimseofaí iontu, inter alia, maoiniú Ghrúpa BEI, nó ráthaíocht nó infheistíocht i gcistí atá ann cheana faoi bhainistiú neamhspleách nó i meáin shainchuspóireacha a infheistíonn, ina dhiaidh sin, i gcuideachtaí incháilithe. Thairis sin, d'fhéadfaí an tacaíocht a sheoladh trí bhithin cistí nuabhunaithe faoi bhainistiú neamhspleách, lena n-áirítear trí fhoirne chéaduaire nó meáin shainchuspóireacha a chuirfí ar bun ar an leibhéal Eorpach nó ar an leibhéal réigiúnach d'fhonn leas a bhaint as ráthaíocht AE chun infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí incháilithe. D'fhéadfaí ráthaíocht AE a úsáid freisin chun idirghabháil ag banc nó institiúid náisiúnta le haghaidh spreagtha a mhaoiniú agus a ráthú i gcomhréir le rialacha stáitchabhrach in éineacht le hinfheisteoirí chun tacú le cuideachtaí incháilithe. Ba cheart saobhadh míchuí iomaíochta sa mhargadh inmheánach a sheachaint. *Níor cheart go ndéanfadh an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta neamhionannais idir Ballstáit níos measa, ná an margadh aonair a fhágáil níos laige. Bliain amháin tar éis teacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht struchtúr foriomlán na hIonstraime um Thacaíocht Sócmhainneachta chun a príomhaidhm a bhaint amach, i.e., tacaíocht sócmhainneachta thráthúil do chuideachtaí incháilithe.*

**Leasú 16**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 9**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) Na cistí cothromais, meáin sainchuspóra, ardáin infheistíochta agus bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh, ba cheart go gcuirfí ar fáil leosan cothromas nó cuasachothromas (amhail fiachas hibrídeach, stoc tosaíochta **nó** cothromas in-chomhshóite) do chuideachtaí incháilithe ach, maidir le heintitis a dhíríonn ar cheannach amach (nó ar athsholáthar caipítíl) a bhfuil scamhadh sócmhainní beartaithe leo, ba cheart iadsan a eisiamh.

**Leasú 17**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(10) Ba cheart na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a ailíniú le tosaíochtaí beartais reatha an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip **agus** an straitéis maidir le múnlú thodhchaí dhigiteach na hEorpa. Ba cheart **díriú freisin ar** ghníomhaíochtaí trasteorann freisin.

*Leasú*

(9) Na cistí cothromais, meáin shainchuspóireacha, ardáin infheistíochta agus bainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh, ba cheart go gcuirfí ar fáil leosan cothromas nó cuasachothromas (amhail fiachas hibrídeach, stoc tosaíochta, **iasachtaí fo-ordaithe, airleacain inaisíochta, rannpháirtíocht chiuin, agus ionstraimí eile atá oiriúnach go háirithe chun tacaíocht sócmhainneachta a sholáthar do FBManna**) do chuideachtaí incháilithe ach, maidir le heintitis a dhíríonn ar cheannach amach (nó ar athsholáthar caipítíl) a bhfuil scamhadh sócmhainní beartaithe leo, ba cheart iadsan a eisiamh. **Ba cheart don Choimisiún maoirseacht agus rialú rialta a dhéanamh ar úsáid cistí agus na bearta is gá a dhéanamh chun smachtbhannaí a fhorchur i leith mí-úsáid cistí ag gníomhaithe rannpháirteacha.**

*Leasú*

(10) Ba cheart **go gcomhlíonfadh** na hoibríochtaí maoinithe agus infheistíochta **na critéir a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852 [an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht] lena n-áirítear an “an prionsabal nach ndéan[ar] dochar mór”** agus a bheith ailínithe le tosaíochtaí beartais reatha an Aontais, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, an straitéis maidir le múnlú thodhchaí dhigiteach na hEorpa, **an Straitéis Tionsclaíochta nua don Eoraip, Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach, Colún na gCeart Sóisialta, agus Cairt Shóisialta na**

*hEorpa (Athbhreithnithe), dlíthe fuinnimh agus aeráide an Aontais, agus beartas BEI maidir le hiasachtaí a thabhairt, chomh maith le bheith ina rannchuidiú le spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 agus 2050. Ba cheart do na hoibríochtaí sin tacú le cruthú nó caomhnú postanna ar cháilíocht agus inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí trasteorann laistigh den Aontas chomh maith leis na dúshláin a bhaineann leis an gclaochlú glas agus digiteach do FBManna. Ba cheart go mbeadh ról tábhachtach aige sin chun tionchair dhiúltacha ghéarchéim COVID-19 a mhaolú trí dheiseanna a chruthú do chuideachtaí agus FBManna.*

**Leasú 18**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 14**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Ba cheart an Coiste Infheistíochta faoi Rialachán InvestEU a bheith freagrach as ráthaíocht AE a dheonú freisin faoin Rialachán seo nuair a bheidh sé curtha ar bun.

*Leasú*

(14) Ba cheart an Coiste Infheistíochta faoi Rialachán InvestEU a bheith freagrach as ráthaíocht AE a dheonú freisin faoin Rialachán seo nuair a bheidh sé curtha ar bun. ***Ba cheart don Choiste Infheistíochta na bearta sin a leagan amach i ndlúthchomhar leis na mBallstáit, le rannpháirtíocht ghníomhach ó cheardchumann, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus geallsealbhóirí ábhartha, a bhfuil ról ríthábhachtach acu uile i bpleananna téarnaimh tar éis na géarchéime. Ba cheart don Choiste Infheistíochta acmhainní na hIonstraime um Thacaíocht Shócmhainneachta a athdháileadh chun cothromaíocht gheografach á áirithiú idir na Ballstáit.***

**Leasú 19**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 14 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(14a) Ba cheart don Choiste Infheistíochta bearta a leagan amach ar bhealach a dhaingneoidh tarraingteacht na hIonstraime um Thacaíocht Shócmhainneachta do thairbhíthe ionchasacha trí rómhaorlathas, costais iomarcacha agus ualaí riaracháin a sheachaint ar thaobh amháin agus ar an taobh eile trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú maidir le haidhmeanna na hIonstraime um Thacaíocht Shócmhainneachta a bhaint amach.**

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**

Rialachán (AE) 2015/1017

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) ‘ciallaíonn ‘cuideachtaí’ chun críocha an ionú um thacaíocht sócmhainneachta cuideachtaí, cuideachtaí tionscadail, comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus struchtúir dhlíthiúla eile.’

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Rialachán (AE) 2015/1017

Airteagal 3 – mír 1 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) sócmhainneacht cuideachtaí atá bunaithe i mBallstát **agus** atá ag oibriú san Aontas.

*Leasú*

(9) ‘ciallaíonn ‘cuideachtaí’ chun críocha an ionú um thacaíocht sócmhainneachta cuideachtaí, **micrifhiontair agus FBManna**, cuideachtaí tionscadail, comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus struchtúir dhlíthiúla eile.’

*Leasú*

(c) sócmhainneacht cuideachtaí atá bunaithe i mBallstát, **nach bhfuil á rialú ag tríú tír**, atá ag feidhmiú san Aontas **agus a bhfuil foireann fostaithe acu ann, agus béim ar leith á leagan ar FBManna.**



## Leasú 22

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4

Rialachán (AE) 2015/1017

Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 3 – fleasc 2 a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

— tacaíocht le haghaidh cistí, meáin shainchuspóra, ardáin infheistíochta, ardáin infheistíochta nó socruithe eile faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta.

*Leasú*

— tacaíocht le haghaidh cistí, meáin shainchuspóireacha, ardáin infheistíochta, ardáin infheistíochta nó socruithe eile faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta, ***go háirithe maidir le tionscadail lena mbaineann FBManna nó a rannchuidíonn go díreach le spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 agus 2050 a bhaint amach, nó i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, déanfar socruithe atá níos fabhraí ó thaobh airgeadais de a dheonú.***

## Leasú 23

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5

Rialachán (AE) 2015/1017

Airteagal 6 – mír 1 – pointe a – fomhír 1 a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Mar sin féin, ní dheonófar tacaíocht faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta ach amháin i gcás ina dtéann sí chun tairbhe cuideachtaí nach raibh i gcrúachás i dtéarmaí státchabhrach<sup>8</sup> cheana féin ag deireadh 2019 ach a bhfuil rioscaí suntasacha sócmhainneachta acu ***ó shin*** de dheasca na géarchéime arbh í paindéim COVID-19 is cúis léi;

*Leasú*

Mar sin féin, ní dheonófar tacaíocht faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta ach amháin i gcás ina dtéann sí chun tairbhe cuideachtaí nach raibh i gcrúachás i dtéarmaí státchabhrach<sup>8</sup> cheana féin ag deireadh 2019 ***nó chun tairbhe fiontar beag nó meánmhéide a bhí i gcrúachás cheana an 31 Nollaig 2019, ar choinníoll nach bhfuil siad faoi réir nós imeachta dócmhainneachta comhchoiteann faoin dlí náisiúnta, agus nach bhfuil cúnamh tarrthála nó cúnamh athstruchtúraithe faighte acu nó ar cuideachtaí iad a mheastar a bheith inmharthana go heacnamaíoch san fhadtéarma***, ach a bhfuil rioscaí suntasacha sócmhainneachta acu ***ó shin*** de dheasca na géarchéime arbh í paindéim COVID-19 is cúis léi. ***Ní mheasfar go dtiocfaidh aon ghnóthas***

*nuachruthaithe faoi réir bhí  
“deacrachtaí a bheith acu” do na chéad  
trí bliana tar éis thús na n-oibríochtaí sa  
réimse gníomhaíochta ábhartha.  
Déanfaidh cuideachtaí a fhaigheann  
tacaíocht gealltanais a thabhairt i leith  
leanúint de bheith ag feidhmiú agus ag  
cothabháil a bhfórsa oibre agus nach  
ndéanfaidh siad poist, caipiteal agus  
próisis táirgeachta a athshocrú tríú tír, i  
leith pá comhionann idir mná agus fir as  
obair ar luach comhionann agus i leith  
teorainneacha maidir le díbhinní, i gcás  
inarb infheidhme, tuarastal  
feidhmeannach agus cláir maidir le  
haischeannach scaireanna a thabhairt  
isteach ar feadh théarma na tacaíochta  
agus sé mhí ina dhiaidh sin. Ní dheonófar  
tacaíocht do chuideachtaí a ciontaíodh le  
linn na ndeich mbliana roimhe sin i  
sciúradh airgid, i maoiniú  
sceimhlitheoireachta, i gcalaois chánach  
nó in imghabháil cánach, nó ar cuid iad  
de ghrúpa a bhfuil fochuideachtaí acu  
gan fíorghníomhaíocht eacnamaíoch a  
dhéanamh i dtír a áirítear i liosta an  
Aontais de dhlínsí neamh-  
chomhoibríochta;*

---

<sup>8</sup> Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

---

<sup>8</sup> Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

**Leasú 24**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 a (nua)**  
Rialachán (AE) 2015/1017  
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b

*An téacs atá ann*

*Leasú*

(b) atá comhsheasmhach le *beartais an Aontais, lena n-áirítear cuspóir an fháis chliste*, inbhuanaithe agus chuimsithigh, poist ardcháilíochta a chruthú, agus *an comhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochnaigh*;

*(5a) I mír (1) d’Airteagal 6, leasaítear pointe (b) mar seo a leanas:*

‘(b) atá comhsheasmhach *le dlíthe fuinnimh agus aeráide agus spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 agus 2050, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, cuspóirí comhshaoil an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, na cuspóirí maidir leis na haistrithe glasa agus digiteacha, an neamhspleáchas teicneolaíochta*, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, *comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach*, cruthú post ardcháilíochta *agus nuálaíocht.*’

*Réasúnú*

*(Féachann an leasú seo leasú a dhéanamh ar fhoráil laistigh den ghníomh atá ann cheana féin - Airteagal 6(1)(b) - nach raibh tagairt dó sa togra ón gCoimisiún.)*

## **Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 b (nua)**

Rialachán (AE) 2015/1017

Airteagal 6 – mír 1 – pointe d a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(5b) I mír 1 d’Airteagal 6, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*

‘*(da) fostaíocht san Aontas a uasmhéadú*’

## **Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**

Rialachán (AE) 2015/1017

Airteagal 8 – mír 2 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

‘D’ainneoin na chéad mhíre, is le

‘D’ainneoin na chéad mhíre, is le

cuideachtaí a bunaíodh i mBallstát agus atá ag oibriú san Aontas, agus leosan amháin, a fhéadtar tacú trí bhíthin na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta.’

cuideachtaí a bunaíodh i mBallstát agus atá ag oibriú agus **a bhfuil pearsanra fostaithe acu san Aontas**, agus leosan amháin, a fhéadtar tacú trí bhíthin na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta.’

## Leasú 27

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10

Rialachán (AE) 2015/1017

Airteagal 9 – mír 2 – fómhír 3 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

‘Beidh na hoibríochtaí i gceist comhsheasmhach le beartais an Aontais, **lena n-áirítear** an Comhaontú Glas don Eoraip<sup>9</sup> agus an straitéis maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa<sup>10</sup>, chomh maith le tacú le téarnamh cuimsithe siméadrach tar éis phaindéim COVID-19 agus tacóidh siad le haon cheann de na cuspóirí ginearálta seo a leanas:’

*Leasú*

Beidh na hoibríochtaí i gceist comhsheasmhach le beartais an Aontais, **go háirithe spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais chomh maith leis na spriocanna aeráide a leagtar síos i [Rialachán (AE) 2020/XXX lena mbunaítear an creat chun neodracht aeráide a bhaint amach (“Dlí Eorpach maidir leis an Aeráid”)] Colún Eorpach na gCeart Sóisialta**, an Comhaontú Glas don Eoraip<sup>9</sup>, an Straitéis maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú<sup>10</sup>, **Straitéis Tionsclaíoch Nua don Eoraip, Straitéis FBM le haghaidh Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach, uailmhianta an chláir Fís Eorpach**, chomh maith le tacú le téarnamh cuimsithe siméadrach tar éis phaindéim COVID-19 **ar fud na mBallstát go léir agus aird á tabhairt ar chruthú post ardcháilíochta agus inbhuanaithe agus infheistíochtaí táirgiúla, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta**, agus tacóidh siad le haon cheann de na cuspóirí ginearálta seo a leanas:’

---

<sup>9</sup> COM(2019)640 críochnaitheach:

<sup>10</sup> COM(2020)67 críochnaitheach:

---

<sup>9</sup> COM(2019)640 críochnaitheach:

<sup>10</sup> COM(2020)67 críochnaitheach:

## Leasú 28

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Rialachán (AE) 2015/1017  
Airteagal 9 – mír 2a – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) a áirithiú go ndéanfar formhór mhaoiniúchán CEIS faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta **a úsáid** chun tacú le cuideachtaí incháilithe **sna Ballstáit agus sna hearnálacha** is mó atá buailte go heacnamaíoch le paindéim COVID-19;

*Leasú*

(b) a áirithiú go ndéanfar formhór mhaoiniúchán CEIS faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta **a úsáid** chun tacú le cuideachtaí incháilithe **go háirithe micrifhiontair agus FBManna agus leo siúd** is mó atá buailte go heacnamaíoch le paindéim COVID-19, **a bhfuil sé d’aidhm acu an líon fostaithe atá acu san Aontas a choinneáil nó a mhéadú, agus ag an am céanna raon geografach cothrom ar fud na mBallstát á áirithiú agus comhchruinniú margaidh á sheachaint;**

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Rialachán (AE) 2015/1017  
Airteagal 9 – mír 2a – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) a áirithiú go ndéanfar formhór mhaoiniúchán CEIS faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta **a úsáid** chun tacú le cuideachtaí incháilithe sna Ballstáit ina bhfuil infhaighteacht tacaíochta sócmhainneachta Stáit níos teoranta.

*Leasú*

(c) a áirithiú go ndéanfar formhór mhaoiniúchán CEIS faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta **a úsáid** chun tacú le cuideachtaí incháilithe, **go háirithe micrifhiontair agus FBManna** sna Ballstáit agus **sna réigiúin** ina bhfuil infhaighteacht tacaíochta sócmhainneachta Stáit níos teoranta.

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Rialachán (AE) 2015/1017  
Airteagal 9 – mír 2a – pointe c a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ca) áirithiú go bhfuil cúnamh teicniúil**

*curtha ar fáil do na Ballstáit agus do na cuideachtaí, go háirithe FBManna. Déanfar an Ionstraim um Thacaíochta Sócmhainneachta a chur chun cinn i measc cuideachtaí incháilithe agus FBManna trí úsáid a bhaint as ionstraimí atá ann cheana faoi CEIS amhail an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (MCIE), go háirithe maidir le FBManna a bhféadfadh ualaí riaracháin iomarcacha a bheith orthu.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**

Rialachán (AE) 2015/1017

Airteagal 9 – mír 2a – pointe c b (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(cb) a áirithiú go ndéanfar maoiniú CEIS faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta chun tacú le cuideachtaí incháilithe a bhfuil sé mar aidhm acu rannchuidiú le spriocanna aeráide agus fuinnimh sna Ballstáit a fhorhnuíonn an cuspóir maidir le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 agus le cuideachtaí incháilithe sna Ballstáit a gheallann poist inbhuanaithe ardcháilíochta a chothabháil nó a chruthú laistigh dá ngníomhaíochtaí atá bunaithe ar an Aontas.*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**

Rialachán (AE) 2015/1017

Airteagal 9 – mír 2a – pointe c c (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(cc) Cuideachtaí atá cláraithe i dtíortha atá ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, ní bheidh siad incháilithe chun*

*tacaíocht airgeadais a fháil.*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**  
Rialachán (AE) 2015/1017  
Airteagal 9 – mír 2a – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfidh an Bord Stiúrtha, *i gcás inar gá*, treoir mhionsonraithe ar fáil maidir le pointí (a) go (c).

*Leasú*

Cuirfidh an Bord Stiúrtha treoir mhionsonraithe ar fáil maidir leis an *modheolaíocht agus na hearnálacha agus na Ballstáit dá dtagraítear, faoi seach*, i bpointí (a) go (cb) *sula mbeidh an Ionstraim um Thacaíocht Sócmhainneachta oibríochtúil. Ní bheidh ach oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta atá comhsheasmhach le cuspóirí aeráide AE incháilithe le haghaidh tacaíochta faoin Rialachán seo.*

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**  
Rialachán (AE) 2015/1017  
Airteagal 10 – mír 2 – fomhír 2 a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

De thoradh na n-ionstraimí incháilithe faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta cuirfear cothromas nó cuasachothromas ar fáil do chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(c). Féadfar ionstraimí hibrídeacha a úsáid i gcomhréir le hIarscríbhinn II má chomhlíonann na hionstraimí sin cuspóir an ionú.’

*Leasú*

De thoradh na n-ionstraimí incháilithe faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta cuirfear cothromas nó cuasachothromas ar fáil do chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(c). Féadfar ionstraimí hibrídeacha a úsáid i gcomhréir le hIarscríbhinn II má chomhlíonann na hionstraimí sin cuspóir an ionú agus *má chomhlíonann siad na rialacha a comhaontaíodh atá i bhfeidhm sna Ballstáit lena mbaineann. I gcás maoinithe nó ráthaíochtaí a sholáthrófar d’institiúidí, d’ardáin infheistíochta, d’eintitis infheistíochta, do MSCanna nó do chistí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú Ballstáit, ní bheidh incháilithe faoin ionú*

*um thacaíocht sócmhainneachta ach ionstraimí caipitil hibrídeacha, amhail stoic thosaíochta, cearta rannpháirtíochta brabúis, nó rannpháirtíochtaí díomhaoine, lena n-áiríteofar ról éighníomhach an Bhallstáit. Soláthróidh an Bord Stiúrtha treoir mhionsonraithe maidir leis an bpointe sin.*

## **Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18**  
Rialachán (AE) 2015/1017  
Airteagal 10 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Bunófar na hidirghabhálaithe faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta i mBallstát agus oibreoidh siad san Aontas. Socróidh an Bord Stiúrtha aon cheanglais is gá a bhaineann le rialú ar idirghabhálaithe (cistí, meáin shainchuspóra agus eile) i bhfianaise **aon** tosca oird phoiblí nó slándála poiblí **is infheidhme**.

## **Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26**  
Rialachán (AE) 2015/1017  
Airteagal 14a – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfear suim suas le EUR 100 000 000 ar fáil chun costais, seirbhísí comhairleacha agus cúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach chun cistí, meáin shainchuspóra, ardáin infheistíochta agus meáin eile a chur ar bun agus a bhainistiú chun críocha an ionú um thacaíocht sócmhainneachta lena n-áirítear don tacaíocht dá dtagraítear i bpointe (i) d’Airteagal 14(2), **agus lena ndíreofar go**

*Leasú*

Bunófar na hidirghabhálaithe faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta i mBallstát, **ní bheidh siad á rialú ag tríú tír** agus **oibreoidh** siad san Aontas. Socróidh an Bord Stiúrtha aon cheanglais is gá a bhaineann le rialú ar idirghabhálaithe (cistí, meáin shainchuspóireacha agus eile) i bhfianaise tosca a bhaineann **le leas eacnamaíoch an Aontais**, ord poiblí nó slándáil phoiblí.

*Leasú*

Cuirfear suim suas le EUR 100 000 000 ar fáil chun costais, seirbhísí comhairleacha agus cúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach chun cistí, meáin shainchuspóireacha, ardáin infheistíochta agus meáin eile a chur ar bun agus a bhainistiú chun críoch an ionú um thacaíocht sócmhainneachta lena n-áirítear don tacaíocht dá dtagraítear i bpointe (i) d’Airteagal 14(2). **Cuirfear béim ar leith**



***háirithe ar na Ballstáit nach bhfuil margáí cothromais forbartha acu.*** Beidh an cúnamh teicniúil ***ar fáil freisin chun tacú le*** claochlú glas agus claochlú digiteach cuideachtaí a mhaoineofar faoin ionú sin.

***ar chúnamh teicniúil a sholáthar do FBManna.*** Beidh an cúnamh teicniúil ar fáil freisin chun ***díriú ar thacú*** le claochlú glas agus claochlú digiteach cuideachtaí, ***go háirithe FBManna agus micrifhiontair,*** a mhaoineofar faoin ionú sin. ***Cuirfidh seirbhísí comhairle agus cúnamh teicniúil nósanna imeachta ar fáil do chuideachtaí incháilithe agus FBManna chun an t-ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú. Díreoidh an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht (MCEI) ar na saincheisteanna sin freisin.***

## **Leasú 37**

### **Togra le haghaidh rialacháin**

#### **Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 – pointe 2 – pointe a**

Rialachán (AE) 2015/1017

Iarscríbhinn II – roinn 2 – pointe b – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) Deonófar ráthaíocht AE chun tacú, go díreach nó go hindíreach, le hoibríochtaí nua a mhaoiniú. I réimse an bhonneagair, ba cheart infheistíochtaí úrnua (cruthú sócmhainne) a spreagadh. Is féidir tacú le hinfeistíochtaí athfhorbraíochta (leathnú agus nuachóiriú sócmhainní láithreacha) freisin. Faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta, beidh sé mar aidhm ag an maoiniú feabhas a chur ar bhonn cothromais cuideachtaí agus ar a sócmhainneacht. Le téarmaí an mhaoiniúcháin ba cheart saobhadh iomaíochta idir na cuideachtaí a sheachaint. De ghnáth, ní dheonófar ráthaíocht AE chun tacú le hoibríochtaí athmhaoinithe (amhail athchur comhaontuithe iasachta láithreacha nó cineálacha eile tacaíochta airgeadais do thionscadail atá tar éis corprú cheana féin i bpáirt nó go hiomlán), ach amháin, ***faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta*** in imthosca eisceachtúla agus an-dlisteanaithe i gcás ina léirítear go gcumasóidh idirbheart den sórt sin infheistíocht nua de

*Leasú*

(b) Deonófar ráthaíocht AE chun tacú, go díreach nó go hindíreach, le hoibríochtaí nua a mhaoiniú. I réimse an bhonneagair, ba cheart infheistíochtaí úrnua (cruthú sócmhainne) a spreagadh. Is féidir tacú le hinfeistíochtaí athfhorbraíochta (leathnú agus nuachóiriú sócmhainní láithreacha) freisin. Faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta, beidh sé mar aidhm ag an maoiniú feabhas a chur ar bhonn cothromais cuideachtaí, ***le béim ar leith ar FBManna*** agus ar a sócmhainneacht. Le téarmaí an mhaoiniúcháin ba cheart saobhadh iomaíochta idir na cuideachtaí a sheachaint. De ghnáth, ní dheonófar ráthaíocht AE chun tacú le hoibríochtaí athmhaoinithe (amhail athchur comhaontuithe iasachta láithreacha nó cineálacha eile tacaíochta airgeadais do thionscadail atá tar éis corprú cheana féin i bpáirt nó go hiomlán), ach amháin in imthosca eisceachtúla agus an-dlisteanaithe i gcás ina léirítear go gcumasóidh idirbheart den sórt sin infheistíocht nua de mhéid a bheidh ar a laghad coibhéiseach le

mhéid a bheidh ar a laghad coibhéiseach le méid an idirbhirt, ar infheistíocht í a chomhlíonfadh na critéir incháilitheachta agus na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 6 agus in Airteagal 9(2) faoi seach.’

## Leasú 38

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 – pointe 3

Rialachán (AE) 2015/1017

Iarscríbhinn II – roinn 6 – pointe d – fleasc 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

— Féadtar ráthaíocht AE a úsáid chun tacú le maoiniú BEI nó CEI, nó ráthaíochtaí le cistí, meáin shainchuspóra nó ardáin infheistíochta, nó infheistíocht iontu, lena n-áirítear trí bhíthin banc le haghaidh spreagadh nó institiúidí nó socrúithe ábhartha eile, lena gcuirtear infheistíocht cothromais agus infheistíocht de chineál cothromais ar fáil i gcuideachtaí.

## Leasú 39

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 – pointe 3

Rialachán (AE) 2015/1017

Iarscríbhinn II – roinn 6 – pointe d – fleasc 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

— Cistí, meáin shainchuspóra nó ardáin infheistíochta lena spriocdhírítear ar chuideachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí trasteorann laistigh den Aontas agus ar chuideachtaí a bhfuil ardacmhainneacht iontu claochlú glas nó digiteach a dhéanamh, déanfar spriocdhíriú orthusan go háirithe faoin Ionú um Thacaíocht

méid an idirbhirt, ar infheistíocht í a chomhlíonfadh na critéir incháilitheachta agus na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 6 agus in Airteagal 9(2) faoi seach.

*Leasú*

— Féadtar ráthaíocht AE a úsáid chun tacú le maoiniú BEI nó CEI, nó ráthaíochtaí le cistí, meáin shainchuspóireacha nó ardáin infheistíochta, nó infheistíocht iontu, lena n-áirítear trí bhíthin banc le haghaidh spreagadh nó institiúidí **nó trí infheistíochtaí díreacha** nó socrúithe ábhartha eile, lena gcuirtear infheistíocht cothromais agus infheistíocht de chineál cothromais ar fáil i gcuideachtaí. **Ní dhéanfaidh úsáid ráthaíocht AE difear do neamhspleáchas agus uathriail chinnteoireacht na dtairbhíthe.**

*Leasú*

— Cistí, meáin shainchuspóireacha nó ardáin infheistíochta a spriocdhírítear ar chuideachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí trasteorann laistigh den Aontas, **FBManna** agus/nó cuideachta a bhfuil ardacmhainneacht **nó gá acu le claochlú glas nó digiteach nó atá i lár chlaohlú glas nó claochlú digiteach, agus tacaíocht**

Sócmhainneachta.

*agus cruthú post inbhuanaithe agus cáilíochta*, déanfar spriocdhíríú orthusan go háirithe faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta.

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 – pointe 3**

Rialachán (AE) 2015/1017

Iarscríbhinn II – roinn 6 – pointe d – fleasc 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

— Maidir le cuideachtaí a ndíreofar orthu le cistí, meáin shainchuspóra nó ardáin infheistíochta, *spreagfar iad*, ionas go gcomhlíonfaidh siad, *a mhéid is féidir, íoschoimircí* ardchaighdeáin sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an treoir a thabharfaidh an Bord Stiúrtha. *Ba cheart a bheith san áireamh sa treoir sin forálacha leordhóthanacha maidir le hualach riaracháin míchuí a sheachaint trí mhéid na gcuideachtaí a thabhairt ar aird* agus forálacha níos éadroime le haghaidh FBManna a chur san áireamh. Cuideachtaí *a bhfuil leibhéal neamhchosanta áirithe acu ar liosta réamhshainithe gníomhaíochtaí atá díobhálach don chomhshaol, agus go háirithe earnálacha a chumhdaítear le Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais (EU ETS), spreagfar iad* chun pleananna aistriithe glasa a chur ar bun *sa todhchaí. Spreagfar* cuideachtaí freisin chun a gclaohlú digiteach a chur chun cinn. Cuirfear cúnamh teicniúil *ar fáil* chun cuidiú le cuideachtaí chun críoch na n-aistriithe sin.

*Leasú*

— Maidir le cuideachtaí a ndíreofar orthu le cistí, meáin shainchuspóireacha nó ardáin infheistíochta *nó trí infheistíochtaí díreacha nó socruithe ábhartha eile*, comhlíonfaidh siad *le* coimircí ardleibhéil sóisialta agus comhshaoil *bunaithe ar Airteagail 17 agus 18 de Rialachán (AE) 2020/852 agus* i gcomhréir leis an treoir a thabharfaidh an Bord Stiúrtha *agus i gcomhréir le dlíthe fuinnimh agus aeráide. San áireamh sa treoir sin beidh* forálacha leormhaithe maidir le poist ardháilíochta *a chothabháil agus chun a áirithiú go ndéanfar* ualach riaracháin míchuí *a sheachaint, go háirithe do FBManna, agus chun* méid na gcuideachtaí agus forálacha níos éadroime le haghaidh FBManna a chur san áireamh. Cuideachtaí *atá faoi réir oibleagáid faisnéis neamhairgeadais a fhoilsiú de bhun Airteagail 19a nó 29a de Threoir 2013/34/AE*, cuirfidh siad pleananna aistriithe glasa *agus córa* i bhfeidhm. Leanfaidh cuideachtaí ar aghaidh lena gclaohlú digiteach *agus an oiread post inbhuanaithe agus cáilíochta is féidir a chothabháil agus a chruthú ina gcuid gníomhaíochtaí atá bunaithe san Aontas. Déanfar cúnamh teicniúil a thairgeadh* chun cuidiú le cuideachtaí chun críoch na n-aistriithe sin. *Bainfidh FBManna tairbhe as teimpléid shimplithe, a bheidh le forbairt ag an gCoimisiún, chomh maith le tairbhe a bhaint as cúnamh airgeadais agus teicniúil spriocdhírithé agus a*

*bpleananna aistrithe á gcur i bhfeidhm acu.*

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 – pointe 3**

Rialachán (AE) 2015/1017

Iarscríbhinn II – roinn 6 – pointe d – fleasc 5 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

- *Faoin ionú um thacaíocht sócmhainneachta is éard a bheidh sna táirgí incháilithe táirgí arb é is toradh leo infheistíochtaí díreacha, nó socruithe ábhartha eile, nó cothromas idirghafa nó cuasachothromas a chur ar fáil do chuideachtaí agus do thionscadail.*

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 – pointe 4**

Rialachán (AE) 2015/1017

Iarscríbhinn II – Roinn 8 – pointe 2 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) Comhchruinniú Geografach

(b) *Comhchruinniú agus éagsúlú*  
Geografach

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 – pointe 4**

Rialachán (AE) 2015/1017

Iarscríbhinn II – Roinn 8 – pointe b – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Socróidh an Bord Stiúrtha teorainneacha sonracha éagsúlaithe agus comhchruinnithe faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais Airteagal 9(2a)(b) agus (c) faoi seach *agus go seachnófar, san am céanna*, comhchruinniú iomarcach

Socróidh an Bord Stiúrtha teorainneacha sonracha éagsúlaithe agus comhchruinnithe faoin Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais Airteagal 9(2a)(b) agus (c) faoi seach *chun* go seachnófar comhchruinniú iomarcach i líon teoranta

i líon teoranta Ballstát. Déanfaidh an Bord Stiúrtha breithniú go rialta ar an tionchar eacnamaíoch a bheidh ag paidéim COVID-19 **ar na Ballstáit agus ar earnálacha**. Ar an mbonn sin féadfaidh an Bord Stiúrtha a chinneadh go modhnófaí na teorainneacha sin, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Infheistíochta.

Ballstát **nó margáí**. Déanfaidh an Bord Stiúrtha breithniú go rialta ar an tionchar eacnamaíoch a bheidh ag paidéim COVID-19 **ar chuideachtaí ar fud an Aontais**. Ar an mbonn sin féadfaidh an Bord Stiúrtha a chinneadh go modhnófaí na teorainneacha sin, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Infheistíochta.

#### **Leasú 44**

##### **Togra le haghaidh rialacháin**

##### **Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 – pointe 4**

Rialachán (AE) 2015/1017

Iarscríbhinn II – Roinn 8 – pointe b – fomhír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tabharfaidh an Bord Stiúrtha míniú i scríbhinn do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir lena chinntí a bhaineann leis na teorainneacha atá táscach agus sonracha ó thaobh an Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta de. Ba cheart **go ndíreodh CEIS ar** na Ballstáit uile a chumhdach.

*Leasú*

Déanfaidh an Bord Stiúrtha an anailís sin **a chur ar fáil gan mhoill agus** tabharfaidh sé míniú i scríbhinn do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir lena chinntí a bhaineann leis na teorainneacha atá táscach agus sonracha ó thaobh an Ionú um Thacaíocht Sócmhainneachta de. **Déanfaidh CEIS na Ballstáit uile a chumhdach go cothrom agus go leormhaith agus tacú le forbairt chothrom agus inbhuanaithe réigiúin uile an Aontais.**

#### **Leasú 45**

##### **Togra le haghaidh rialacháin**

##### **Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31 – pointe 4**

Rialachán (AE) 2015/1017

Iarscríbhinn II – Roinn 8 – pointe b – fomhír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Tuairisceoidh an Bord Stiúrtha go tráthrialta ón ... [1 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le tairbhíthe na hIonstraime um Thacaíocht Sócmhainneachta sin agus maidir le gníomhaíochtaí tacadóirí chun**

*trédhearcacht iomlán, cheart agus  
thráthúil an chláir a áirithiú.*

## NÓS IMEACHTA – ANCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 a mhéid a bhaineann le cruthú na hIonstraime um Thacaíocht Sócmhainneachta
<b>Tagairtí</b>	COM(2020)0404 – C9-0156/2020 – 2020/0106(COD)
<b>Coistí freagracha</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	BUDG                      ECON 17.6.2020                      17.6.2020
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ITRE 17.6.2020
<b>Coistí comhlachaithe – dáta a fógraíodh sa suí iomlánach</b>	23.7.2020
<b>Rapóirtéir</b> Dáta an cheapacháin	Robert Hajšel 6.7.2020
<b>Riail 58 – An nós imeachta comhchoiste</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	23.7.2020
<b>Pléite sa choiste</b>	16.7.2020
<b>Dáta an ghlactha</b>	1.9.2020
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+:                      54 –:                      7 0:                      8
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	François Alfonsi, Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Michael Bloss, Manuel Bompard, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Cristian-Silviu Buşoi, Carlo Calenda, Andrea Caroppo, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Claudia Gamon, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, András Gyürk, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Eva Kaili, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Łukasz Kohut, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Miapetra Kumpula-Natri, Thierry Mariani, Marisa Matias, Eva Maydell, Joëlle Mélin, Iskra Mihaylova, Angelika Niebler, Ville Niinistö, Aldo Patriciello, Mauri Pekkarinen, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Manuela Ripa, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyrali, Jessica Stegrud, Beata Szydło, Riho Terras, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Evžen Tošenovský, Isabella Tovaglieri, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Klemen Grošelj, Tomas Tobé

## VOTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

54	+
EPP	François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Cristian-Silviu Buşoi, Maria Da Graça Carvalho, Pilar Del Castillo Vera, Christian Ehler, András Gyürk, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Eva Maydell, Angelika Niebler, Aldo Patriciello, Markus Pieper, Sara Skytvedal, Maria Spyrali, Riho Terras, Tomas Tobé, Henna Virkkunen, Pernille Weiss
S&D	Carlo Calenda, Josianne Cutajar, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Eva Kaili, Łukasz Kohut, Miapetra Kumpula-Natri, Tsvetelina Penkova, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho
RENEW	Nicola Beer, Nicola Danti, Valter Flego, Claudia Gamon, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen
ID	Thierry Mariani, Joëlle Mélin
NA GLASAIGH	François Alfonsi, Michael Bloss, Ciarán Cuffe, Henrike Hahn, Ville Niinistö, Manuela Ripa
NI	Ignazio Corrao

7	-
RENEW	Bart Groothuis
ID	Markus Buchheit
ECR	Robert Roos, Jessica Stegrud
GUE	Manuel Bompard, Marc Botenga, Marisa Matias

8	0
ID	Paolo Borchia, Andrea Caroppo, Isabella Tovaglieri
ECR	Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Evžen Tošenovský

Eochair do na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh